**Coláiste Chilliain**
Bóthar Nangor, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22

# Polasaí Tinrimh

Aithnímid i gColáiste Chilliain an tábhacht a bhaineann le dea-thinreamh scoile i ndul chun cinn sásúil an dalta. Ar an ábhar sin leagtar an-bhéim sa scoil ar dhaltaí a spreagadh le freastal ar scoil gach lá seachas nuair atá cúis mhaith leis an asláithreacht.
Aithnímid freisin an tábhacht a bhaineann le cuntas cruinn a choinneáil ar thinreamh na ndaltaí faoinár gcúram. Tá córas i bhfeidhm le cinntiú go gcoimeádtar taifead cruinn ar an tinreamh scoile. Déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras seo le cinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú go héifeachtach agus le feabhas a chur air más gá.
Tá tábhacht ar leith ag baint le comhoibriú idir tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí agus foireann na scoile maidir le tinreamh agus is tríd an gcomhoibriú seo gur féidir a chinntiú go bhfaigheann gach dalta an deis dul chun cinn sásúil a dhéanamh agus barr a chumais a bhaint amach.

- Iarraimid ar dhaltaí a bheith ar scoil ag 8.25 gach maidin.
- Is é amchlár na scoile ná: Luan, Máirt, Déardaoin & Aoine – 8.30-15.20 agus Céadaoin – 8.30 – 12.50.
- Ceadaítear do dhaltaí dul chuig na taisceadáin ag 8.15.
- Cuirtear fógra abhaile, ar aip na scoile, faoi asláithreachtaí sa dara nó sa tríú tréimhse.

## Ról an Tuismitheora/Chaomhnóra

- Iarrtar ar thuismitheoirí an tábhacht a bhaineann le dea-thinreamh agus poncúlacht a phlé lena bpáiste agus a léiriú go bhfuil meas acu air seo trí iarracht a dhéanamh laethanta saoire, coinní srl a eagrú taobh amuigh d'am scoile.
- Baintear úsáid as an aip scoile agus dialann scoile an dalta le teagmháil idir an baile agus an scoil a éascú.
- Iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí nóta i dtaobh asláithreachtaí nó coinní a chur ar an aip scoile roimh 8.30a.m.
- I gcás aon asláithreacht fhadthéarmach, tá sé de dhualgas ar thuismitheoirí/chaomhnóirí údaráis na scoile a chur ar an eolas faoi.
- Iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí a chinntiú go mbíonn a bpáistí ar scoil gach lá, seachas nuair a bhíonn leithscéal ceart acu le bheith as láthair.

## Ról an Dalta

- Tá sé de dhualgas ar an dalta freastal ar gach rang i rith an lae scoile agus cead mhúinteora a fháil más gá an rang a fhágáil ar chúis ar bith.
- Ní foláir do dhaltaí dul ag ranganna in am i rith an lae scoile.

- Más gá don dalta an scoil a fhágáil rith an lae scoile, ní mór nóta a bheith curtha ar an aip scoile ó thuismitheoir/chaomhnóir. Caithfidh an múinteoir ranga/ ceann bliana an nóta a fhaomhadh sula dtéann an dalta abhaile.

- **Ról na Scoile**
- Déanann an scoil iarracht dea-nósanna maidir le tinreamh scoile a spreagadh ar bhealaí éagsúla.

- **Ról an Mhúinteora/Cheannbliana**
- Má tá dalta mall ceithre huaire tugtar fanacht siar dó/di agus fanacht siar le haghaidh gach uair atá siad mall ina dhiaidh sin i dtéarma.
- Coiméadann gach múinteoir rolla ranga ar an gcóras VS Ware agus líontar an rolla ag gach rang.
- Má bhíonn amhras ar mhúinteoir faoi asláithreacht dhalta labhraíonn said leis an gCeann Bhliana/ Múinteoir Ranga faoin gceist.
- Is é dualgas an Cheannbliana eolas ar asláithreacht a bhailiú agus an t-eolas faoi asláithreachtaí a chlárú ar an ríomhaire,
- Marcáiltear asláithreachtaí faoi na ceannteidil seo a leanas;

- ALGM = As láthair gan míniú
- ALM = As láthair le míniú
- Déan = Déanach
- DéanM = Déanach le míniú
- Fionraí = dalta ar fionraí
- Gníomh Scl. = Dalta ar ghníomh scoile

- Cuirtear an t-eolas seo faoi bhráid an Phríomhoide agus ar aghaidh chuig TUSLA ceithre huaire in aghaidh na bliana.
- I gcás dalta a chailleann 20 lá nó níos mó in aon scoilbhliain amháin tá sé de dhualgas ar an scoil na sonraí faoin asláithreacht a chur ar fáil do TUSLA
- Bíonn teagmháil rialta idir an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus na Ceann blianta maidir le hasláithreachtaí leanúnacha dhaltaí.
- Déantar teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí sa chás go bhfuil amhras ar an gCeann Bhliana faoi asláithreacht nó poncúlacht dhalta.

**Eolas do Thuismitheoirí**
**Obair Pháirt-aimseartha**

- Níl cead ag páiste faoi cúig bliana déag (15) a bheith ag obair i rith an téarma scoile.
- Ag 15 bl – 8 n-uaire an chloig is mó a féidir a oibriú sa tseachtain.
- Ag 15 bl. Níl cead obair roimh an 8.00 rn nó i ndiaidh an 8.00 in.
- Ag 16 agus 17 bl, níl cead oibriú i ndiaidh 10.00 in, nuair atá scoil ann an lá arna mhárach.
- Tá cead ag scoláire 16 & 17 bliain d’aois oibriú suas go dtí 11.00 in i rith laethanta saoire amháin.

**Achta Leasa Oideachais 2002**

- Caithfidh scoláire an Teastas/Sraith Sóisearach agus a bheith 16 bliana d'aois sula bhfuil cead acu an scoil a fhágáil. Cibé is moille.
- Caithfidh tuismitheoir/ caomhnóir cúis an neamhláithreachais a chur in iúl don scoil in scríbhinn.
- Caithfidh an scoil a rá leis an Oifigeach Leasa Oideachais má bhíonn scoláire as láthair níos mó nó 20 lá nó ar fionraí ar feadh 6 lá nó níos mó.

**Na buntáistí a bhaineann le tinreamh rialta**

- Oideachas maith a fháil.
- Slí beatha a bhaint amach.
- Féin mheas sóisialta.
- Gréasán don saol.
- Patrún maith oibre a chruthú
- Meas ar fhreagracht & ar smacht a chruthú.
- Deiseanna do spórt/drámaíocht/ceol srl.
- I dteagmháil le cairde.
- Féin-mhuinín a neartú.
- Bun scil thábhachtach don t-saol.

**Cad is féidir leatsa a dhéanamh mar thuismitheoirí/caomhnóir**

- Spreagadh ar do pháiste freastal ar an scoil.
- Áit a chur ar fáil don staidéar/ scrúdú a dhéanamh ar an obair bhaile.
- Bí daingean agus seasmhach.
- Cinntiú go bhfaightear go leor codlata.
- Gan ríomhaire/teilifís a bheith sa seomra codlata.
- Clog dúisithe agus bricfeasta maith a dhéanamh réidh gach maidin.
- Ná creid "Níl duine ar bith istigh/ ag dul isteach inniu".
- Coinnigh i dteagmháil leis an scoil.
- Bí i láthair do chruinnithe Tuismitheoirí/ Múinteoirí.

———————————————————————————————————

Cuireadh an polasaí athbhreithnithe seo faoi bhráid Bord Bainistíochta an Choláiste ar an __________ agus tá athbhreithniú le déanamh air i ___________

**Síniú** _________________________________

**Cathaoirleach an Bhórd Bainistíochta**